



2020/2041(INI)

2.6.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Fhorbairt

maidir le straitéis nua idir AE agus an Afraic – comhpháirtíocht d'fhorbairt
inbhuanaithe agus chuimsitheach
(2020/2041(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Manuel Bompard

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint don Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, an 9 Márta 2020, dar teideal ‘I dtreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic’ (JOIN(2020)0004),
 - ag féachaint do dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le cearta na dtuathánach agus daoine eile a oibríonn i gceantair thuaithe,
1. á chur in iúl gurb oth leis go bhfuil an Coimisiún ag leanúint ar aghaidh ag cur na saorthrádála chun cinn agus ag socrú chun limistéar saorthrádála domhanda comhdhéanta den dá ilchríoch a chruthú; á mheabhrú go bhfuil comhaontuithe na saorthrádála ag díchobhsú na feirmeoireachta áitiúla, ag déanamh dochar do na táirgeoirí talmhaíochta beaga agus ag méadú spleáchas bia na hAfraice;
 2. ag cur in iúl gur cúis inní dó go háirithe leanúint agus méadú an dífhoraoisithe san Afraic; á mheabhrú gur cailliúint do-aisiompaithe é scriosadh na bhforaóisí trópaiceacha maidir le pleananna na mbithéagsúlachtaí agus maidir le cumas carbón a cheapadh; á iarraidh ar an gCoimisiún moladh faoi chreat dlíthiúil Eorpach a thiolacadh gan mhoill le dícheall cuí chun a áirithiú go mbeadh gach táirge a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus na slabhraí soláthair inbhuanaithe saor ó dhí-fhóraoisíú;
 3. ag cáineadh an méid grabála talún san Afraic; á mheabhrú gur cleachtadh brúidiúil í an ghrabáil talún nach bhfuil i gcomhréir le haon chuspóir biafhlaithis agus a chuireann marthanais na bpobal áitiúil Afracach i mbaol;
 4. á éileamh ar na Ballstáit agus ar an Aontas Eorpach méid an chúnaimh oifigiúil forbartha go Stáit na hAfraice a mhéadú go suntasach; á iarraidh go ndéanfaí, go háirithe, an cúnaimh oifigiúil forbartha atá nasctha leis an mbithéagsúlacht agus le beartais le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide a neartú;
 5. á iarraidh go mbeadh sé mar aidhm tosaíochta na comhpháirtíochta idir AE agus an Afraic ceart biafhlaithis na Stát Afracach agus cur chun cinn feirmeoireacht thuaithe agra-éiceolaíoch a áirithiú, a thugann luach do tháirgeadh bia sláintiúil agus d’fholláine na dtuathánach.